Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Samhain 2023
(OR. en)

14967/23

LIMITE

PECHE 485

**Comhad Idirinstitiúideach: 2023/0350(NLE)**

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13860/23 + ADD 1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena socraítear le haghaidh 2024 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh<br>- Cur i láthair ón gCoimisiún<br>- Malartú tuairimí |

1. Chuir an Coimisiún an togra thuasluaite, atá bunaithe ar Airteagal 43(3) CFAE, faoi bhráid na Comhairle an 10 Deireadh Fómhair 2023[1]. Is é is aidhm don togra deiseanna iascaireachta a shocrú le haghaidh 2024 sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh, i gcomhréir leis an bplean ilbhliantúil do stoic ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar agus leis na moltaí ón gCoimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir (CGIM).

2. Meastar go gcomhlánóidh páipéar leathoifigiúil breise ón gCoimisiún an togra in am trátha.

3. Scrúdaigh an Mheitheal um an mBeartas Iascaigh an togra a bhí ag an gcruinniú a bhí aici an 12 Deireadh Fómhair. Chuir toscaireachtaí forchoimeádais ghrinnscrúdaithe isteach.

4. Tá forchoimeádas grinnscrúdaithe parlaiminte curtha isteach ag DK.

5. Iarrtar ar an gComhairle an cur i láthair ón gCoimisiún a thabhairt dá haire agus tuairimí a mhalartú maidir leis an ábhar sin.

---

[1] 13860/23 + ADD 1